




An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission

DEIREADH FÓMHAIR

26

DÉ hAOINE



An treoir neamhspleách ar
an **reifreann maidir leis an diamhasla**

Tá an foilseachán seo ar fáil i **mBraille**, ar **Dhlúthdhiosca** agus i **bhformáid téacs mhóir** ó Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI). Tá sé ar fáil freisin i **dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann** ar shuímh ghréasáin Chumann Bodhar na hÉireann (www.irishdeafcommunity.ie) agus DeafHear (www.deafhear.ie).



An Coimisiún Reifrinn

Comhlacht neamhspleách is ea an Coimisiún Reifrinn a bunaíodh faoi Acht an Reifrinn, 1998. Is é an ról atá aige **faisnéis neodrach agus neamhchlaonta** a chur ar fáil don phobal roimh reifreann ar thogra chun an Bunreacht a leasú.

Is iad comhaltaí an Choimisiúin:

An Breitheamh Onórach Isobel Kennedy
An Cathaoirleach

An tUasal Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tUasal Peter Tyndall
An tOmbudsman

An tUasal Peter Finnegan
Cléireach Dháil Éireann

An tUasal Martin Groves
Cléireach Sheanad Éireann

An Coimisiún Reifrinn

18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2, D02 HE97, Éire.

Teileafón: 01 639 5695

Íosghlao: 1890 270 970

Ríomhphost: refcom@refcom.ie

Suíomh gréasáin: www.refcom.ie



Réamhrá



Dé hAoine, an 26 Deireadh Fómhair 2018, iarrfar ort vóta a chaitheamh ar thogra chun Bunreacht na hÉireann a athrú maidir le cúrsaí diamhasla. Beidh an deis agat vóta a chaitheamh i dtoghchán uachtaránachta an lá sin freisin.

Faoi láthair, deirtear sa Bhunreacht gur cion inphionóis é de réir dlí aon ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris. Is cion coiriúil é an diamhasla faoi láthair.

Cinnfear leis an reifreann seo ar cheart a rá sa Bhunreacht i gcónaí gur cion coiriúil é aon ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris.

Má ritear an reifreann, beidh an tOireachtas in ann an dlí a athrú ionas nach mbeidh an diamhasla ina chion coiriúil feasta.

Tugaimid míniú sa treoir seo ar a bhfuil beartaithe, agus ar an toradh a bheadh ag vóta Tá agus ag

vóta Níl. Tá faisnéis níos mionsonraithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.refcom.ie

Tá an Bunreacht tábhachtach. Is é dlí bunúsach an Stáit é. Is leatsa an Bunreacht agus is agatsa amháin atá an chumhacht chun é a athrú. Is fútsa atá sé cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a gcaithfidh tú do vóta. Molann an Coimisiún Reifrinn duit tú féin a chur ar an eolas faoin athrú atá beartaithe ar an mBunreacht agus do vóta a úsáid. Mura gcaitheann tú vóta, déanfaidh daoine eile an cinneadh. Ní dhéantar argóint sa treoir seo i gcomhair vóta Tá ná vóta Níl, ach molaimid go láidir duit vóta a chaitheamh.

A handwritten signature in black ink that reads "Isobel Kennedy". The signature is fluid and cursive.

Isobel Kennedy

An Cathaoirleach

An Coimisiún Reifrinn

An staid reatha dlí i ndáil leis an diamhasla

Is é an tOireachtas a dhéanann dlíthe. Is éard atá san Oireachtas an Dáil, an Seanad agus an tUachtarán.

Ní mór na dlíthe a dhéanann an tOireachtas a bheith i gcomhréir leis an mBunreacht. Leagtar bundlíthe an Stáit síos sa Bhunreacht. Má dhéantar agóid dhlíthiúil in aghaidh dlíthe, féadfaidh na cúirteanna athbhreithniú a dhéanamh orthu. Féadfaidh na cúirteanna a dhearbhú go bhfuil dlí neamhbhailí má tá sé ar neamhréir leis an mBunreacht. Ní féidir an Bunreacht a athrú ach de réir bhreith an phobail i reifreann.

Aithnítear sa Bhunreacht go bhfuil ceart ag saoránaigh a ndeimhniú is a dtuairimí a nochtadh gan bac. Tá srianta áirithe leis an gceart sin, áfach. Mar shampla, deirtear sa Bhunreacht

gur gá gur cion coiriúil é aon ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris.

De ghnáth, is ionann ní a fhoilsiú agus ráiteas a dhéanamh i bhfoirm scríofa nó i bhfoirm bhuan. De ghnáth, is ionann ní a aithris agus focal nó ráiteas a rá.

Ní thugtar míniú ar an diamhasla sa Bhunreacht féin. Tugtar míniú dlíthiúil ar an diamhasla san Acht um Chlúmhillleadh, 2009.

Deirtear san Acht sin go ndéanann duine ní diamhaslach a fhoilsiú nó a chur i gcaint más rud é

— **go ndéanann sé nó sí ní a fhoilsiú nó a chur i gcaint atá rómhaslach nó rótharcasneach i ndáil le nithe a maíonn aon chreideamh gur nithe beannaithe iad, agus, ar an**

tslí sin, uafás a spreagadh i measc líon substaintiúil de lucht leanúna an chreidimh sin, agus

— **go mbeartaíonn sé nó sí an t-uafás sin a spreagadh.**

Faoi Acht 2009, i gcás go ndéantar duine a chúiseamh sa chion coiriúil arb éard é ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris, is cosaint é má tá an duine in ann a chruithú go gceapfadh duine réasúnach go bhfuil fiúntas dáiríre liteartha, ealaíonta, polaitiúil, eolaíochta nó acadúil san ábhar a d'fhoilsigh siad nó sa chaint a rinne siad.

Má chiontaítear duine sa chion sin, féadfar fíneáil suas le €25,000 a chur air nó uirthi. Níl aon téarma príosúnachta ag gabháil leis an gcion sin.

An t-athrú atá beartaithe ar an mBunreacht

Deirtear in **Airteagal 40.6.1^o** den Bhunreacht:

Ráthaíonn an Stát saoirse chun na cearta seo a leanas a oibriú, ach sin a bheith faoi réir oird is moráltachta poiblí:-

- i Ceart na saoránach chun a ndeimhní is a dtuairimí a nochtadh gan bac.

Ach toisc oiliúint aigne an phobail a bheith chomh tábhachtach sin do leas an phobail, féachfaidh an Stát lena chur in áirithe nach ndéanfar orgain aigne an phobail, mar shampla, an raidió is an preas is an cineama, a úsáid chun an t-ord nó an mhoráltacht phoiblí nó údarás an Stáit a bhonnbhrieadh. San am chéanna coimeádfaidh na horgain sin an tsaoirse is dleacht dóibh chun tuairimí a nochtadh agus orthu sin tuairimí léirmheasa ar bheartas an Rialtais.

Aon ní **diamhaslach nó** ceannairceach nó graosta a fhoilsíú nó a aithris is cion inphionóis é de réir dlí.

Baineann an togra sa reifreann leis na focail seo a bhaint as an mBunreacht

TÁ

An toradh dlí a bheidh ag vóta TÁ

Má vótálann tromlach Tá, ní cheanglófar sa Bhunreacht a thuilleadh gur cion coiriúil é ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris.

Dá bhrí sin, le vóta Tá, cheadófaí don Oireachtas an dlí a athrú ionas nár chion coiriúil an diamhasla feasta.

NÍL

An toradh dlí a bheidh ag vóta NÍL

Má vótálann tromlach Níl, ní dhéanfar aon athrú ar Airteagal 40.6.1° mar atá sé faoi láthair.

Dá bhrí sin, cheanglófaí sa Bhunreacht i gcónaí gur cion coiriúil é aon ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris.

Lá na Vótaíochta

Beidh an reifreann ar siúl Dé hAoine, an 26 Deireadh Fómhair 2018.

Caithfear vóta sa toghchán uachtaránachta an lá céanna.

Beidh na stáisiúin vótaíochta ar oscailt **ó 7 a.m. go dtí 10 p.m.**

Is féidir leat a sheiceáil go bhfuil tú cláraithe ar

checktheregister.ie

Do Stáisiún Vótaíochta

Roimh lá na vótaíochta, ba cheart go bhfaighfeá cárta vótaíochta sa phost ar a n-inseofar duit cén stáisiún vótaíochta ar cheart duit do vóta a chaitheamh ann. Mura bhfaigheann tú cárta vótaíochta, is féidir leat vóta a chaitheamh fós, fad is go bhfuil tú cláraithe.

Tabhair Aitheantas Leat

Ní gá do chárta vótaíochta a bheith leat chun vóta a chaitheamh. **Is ceart duit, áfach, doiciméad aitheantais phearsanta bailí éigin a thabhairt leat** – pas, ceadúnas tiomána, cárta seirbhíse poiblí, nó cárta aitheantais fostaí nó

míc léinn a bhfuil grianghraf air, mar shampla.

Glacfar freisin le foirmeacha eile aitheantais phearsanta – cárta creidmheasa nó teastas breithe, mar shampla – fad is go bhfuil doiciméad eile agat lena ndeimhnítear do sheoladh sa toghcheantar.

B'fhéidir nach n-iarrfar cruthúnas ar aitheantas ort ach má iarrtar ort é caithfidh tú é a thaispeáint.

Páipéir bhallóide

Tabharfar dhá pháipéir ballóide do vótáilte lá na vótaíochta: **páipéir ballóide glas don reifreann** agus páipéir ballóide bán don toghchán uachtaránachta. Is féidir féachaint ar pháipéir ballóide samplach don reifreann ar an gcéad leathanach eile.

Beidh tú ag caitheamh vóta i dtaobh an dtoilíonn tú nó nach dtoilíonn tú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá ar áireamh sa Bhille um an Seachtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht.

Caithheann tú do vóta sa reifreann trí 'X' a chur sa bhosca 'Tá' nó 'X' a chur sa bhosca 'Níl', ag brath ar an gcaoi ar mian leat vótáil. Ná cuir X ach in aon bhosca amháin nó ní chuirfear do vóta san áireamh. Ná scríobh aon áit eile ar an bpáipéir ballóide.

Ná déan dearmad go n-úsáidtear córas éagsúil chun vóta a chaitheamh sa toghchán uachtaránachta. Déan cinnte, mar sin, go léifidh tú na treoracha vótála a bhaineann le gach páipéir ballóide go cúramach.

An bhrúil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaithe?

Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?

An Bille um an Seachtú Leasú is Tríochta ar an mBunreacht (Cion a aisghairm ar b éard é ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris), 2018

Thirty-seventh Amendment of the Constitution (Repeal of offence of publication or utterance of blasphemous matter) Bill 2018

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**
Place a mark in **one square only**

Má thoilíonn tú, cuir X sa chearnóg seo
If you **approve**, mark X in this square

<input type="checkbox"/>	T á Yes
--------------------------	--------------------------

Mura dtoilíonn tú, cuir X sa chearnóg seo
If you do **not approve**, mark X in this square.....

<input type="checkbox"/>	N íl No
--------------------------	--------------------------

Páipéar Ballóide Samplach

Sample Ballot Paper